Department of
Education
www.education-ni.gov.uk

# TransformED

## Curaclam Thuaisceart Éireann 2028:
## Treoracha Gairide do Scoileanna

CEISTEANNA COITIANTA



# Tuigse duit ar an leasú seo

**Cad chuige a bhfuiltear ag athrú an churaclaim?**

Ba é an tátal a tháinig as an Athbhreithniú Straitéiseach ar Churaclam Thuaisceart Éireann nach dtugann an curaclam atá ann fá láthair go leor soiléireachta, comhleanúnachais, ná dul chun cinn.

Mar gheall ar an easpa sainiúlachta seo fá na rudaí a ba chóir do na daltaí a fhoghlaim, bíonn éagsúlacht idir na scoileanna; ró-ualach curaclaim; bearnaí san fhoghlaim; agus dul chun cinn lag ann.

Leis an athchóiriú seo atá beartaithe, féachtar le tabhairt faoi na dúshláin sin ach teidlíocht níos soiléire a thabhairt, chomh maith le dul chun cinn níos láidre agus creat curaclaim níos comhleanúnacha a thabhairt.

**Cad é an aidhm fhoriomlán atá leis an churaclam nua?**

Is é an aidhm fhoriomlán atá leis an churaclam nua tacaíocht a thabhairt do na daoine óga lena gcumas féin a fhorbairt ach an t-eolas, na scileanna, agus na heispéiris a thabhairt daofa a chuirfeas ar a gcumas fíor-roghanna a ghlacadh agus iad a chumasú le cinntí siosmaideacha atá bunaithe ar eolas a dhéanamh le linn a saoil.

**An bhfuil an curaclam nua bunaithe ar na curaclaim atá i bhfeidhm i ndlínsí eile?**

Tá an curaclam saincheaptha ar son na ndaltaí i dTuaisceart Éireann amháin.

Ar ndóigh, bunaíodh dearadh an churaclaim ar fhianaise agus ar chleachtas idirnáisiúnta; ach saindearadh an struchtúr, an dréachtú, agus an cur chuige ar son Thuaisceart Éireann, agus tá an curaclam atá beartaithe deartha sa dóigh is go gcuirtear na rudaí seo a leanas san áireamh: na foghlaimeoirí, na tosaíochtaí oideachais, agus an comhthéacs áitiúil.

**Cad chuige a bhfuil an chuma ar an scéal nach bhfuil an oiread sin suntais á thabhairt don Oideachas Reiligiúnach (OR) sa chomhairliúchán?**

Tá an tOideachas Reiligiúnach ina chuid thábhacht den churaclam, agus cuireann sé le haidhm, cuspóirí, agus acmhainneacht an churaclaim. Mar gheall ar sheicheamh na bhfoilseachán, bhí an siollabas don OR go fóill á chur i dtoll a chéile an uair sin a seoladh an comhairliúchán níos leithne ar leasú an churaclaim.

Tá an siollabas don OR curtha amach anois, agus is féidir leat freagra a thabhairt ar an chomhairliúchán anseo: Comhairliúchán ar an Chroí-Shiollabas don Oideachas Reiligiúnach | An Roinn Oideachais

# Dearadh agus ábhar an Churaclaim

**An mbeidh solúbthacht go fóill ag na scoileanna agus ag múinteoirí ina mbeidh siad ag teagasc?**

Beidh. Leis an churaclam seo, cuirtear teidlíocht chomhroinnte ar bun fríd an eolas, na scileanna agus na heispéiris a leagan amach is a ba chóir a bheith curtha os comhair na bhfoghlaimeoirí le linn a dturas oideachais.

Taobh istigh den chreatlach seo, beidh na múinteoirí agus na ceannairí in ann a mbreithiúnas gairmiúil a fheidhmiú i ndearadh agus i bpleanáil an churaclaim do na daltaí s'acu. Cuimseofar istigh ann fosta cinntí maidir leis an dóigh a bhfuil na hábhair á dteagasc, na hacmhainní a úsáidtear, agus an dóigh a n-eagraítear an fhoghlaim le freastal ar riachtanais na scoláirí agus phobal na scoile.

**An bhfuil na solaoidí atá i ndoiciméid an churaclaim éigeantach?**

Níl. Ní ceanglais reachtúla iad agus ní cóir a shílstean gur liosta ábhair forordaithe iad. Is solaoidí iad seo agus tá siad ann leis an uaillmhian agus na spriocanna foghlama a léiriú, ach thig leis an múinteoirí na solaoidí is mian leo féin a roghnú le húsáid ina scoil agus ina ranganna féin.

**An bhfuil na creataí ábhair scríofa ar mhaithe leis na múinteoirí nó ar mhaithe leis na mic léinn?**

Is doiciméid churaclaim ghairmiúla iad na creataí ábhair a scríobhtar ar son na múinteoirí agus na gceannairí. Is é an cuspóir atá leo, tacaíocht a thabhairt i bpleanáil, teagasc, agus measúnú an churaclaim.

Mar thoradh air sin, tá an teanga, an struchtúr agus na catagóirí a úsáidtear sna creataí deartha le súilíochtaí ón churaclam a chur in iúl go follasach do na gairmithe oideachais.

Níl sé i gceist an téarmaíocht seo a thabhairt go díreach do na daltaí nó í a úsáid mar theanga ranga in achan chás.

**An bhfuil sé riachtanach na catagóirí agus na ceannteidil taobh istigh de na creatlacha a mhacasamhlú i gcleachtas seomra ranga?**

Níl. Tá sé mar aidhm ag na catagóirí agus na ceannteidil atá sainiúil don ábhar taobh istigh de na creatlacha tacú le pleanáil churaclaim.

**An mbeidh ar scoileanna a gcuraclam scoile  a athscríobh láithreach?**

Ní bheidh. Tá sé mar aidhm ag an chéim chur i bhfeidhm am a thabhairt do scoileanna leis iad féin a chur ar an eolas fán churaclam nua, athbhreithniú a dhéanamh ar an tsoláthar atá ann cheana féin agus athruithe a dhéanamh de réir a chéile mar chuid den rolladh amach céimnithe.

Cuirfear acmhainní curaclaim ar fáil do scoileanna le tacú leis an phleanáil.

**An mbeidh scoileanna go fóill in ann topaicí áitiúla a theagasc agus a gcomhthéacs féin a léiriú?**

Beidh. Bunaíonn an curaclam teideal coiteann do gach foghlaimeoir, ach coinníonn scoileanna solúbthacht le samplaí áitiúla ábhartha, téacsanna, staidéir cháis agus eispéiris a roghnú a léiríonn a bpobal agus a gcomhthéacs.

Eolas, scileanna agus cumais

**An mbíonn níos lú béime ar scileanna mar thoradh ar churaclam ar mhórán eolais?**

Ní bhíonn. Aithníonn an curaclam tábhacht an eolais agus na scileanna atá sainiúil don ábhar araon. I gcuraclam ar mhórán eolais, aithnítear go cúramach an t-eolas agus na scileanna is tábhachtaí a theastaíonn ó dhaltaí, atá fite fuaite i gcoincheapa, in ábhar agus i dtraidisiúin dhisciplíneacha na n-ábhar, eagraítear an t-eolas sin go stuama, agus cinntítear go dtógfar ar an fhoghlaim go carnach le himeacht ama.

**An bhfaighidh daltaí oideachas níos cúinge leis an churaclam nua?**

Is é a mhalairt atá fíor.  Is é an aidhm oideachas fíor-leathan, cothrom agus ardchaighdeáin a chur ar fáil do gach foghlaimeoir ar fud na n-ábhar uilig agus comhsheasmhacht níos fearr a chinntiú sa mhéid a mhúintear do leanaí.

**An bhfuil níos mó foghlama de ghlanmheabhair agus tástála i gceist i gcuraclam ar mhórán eolais?**

Níl. Ní bhaineann curaclam ar mhórán eolais le fíricí a thabhairt chun cuimhne. Is é cuspóir a bhaineann le heolas daingean tacú le hearraí oideachasúla fiúntacha, lena n-áirítear tuiscint, réasúnaíocht, cruthaitheacht, cumarsáid agus réiteach fadhbanna, agus araile. Meastar gur tosaíochtaí comhlántacha seachas tosaíochtaí iomaíocha iad eolas agus smaointeoireacht.

**An laghdaíonn an curaclam deiseanna do ghuth agus fiosrúchán na ndaltaí?**

Ní laghdaíonn. Is gnéithe tábhachtacha den fhoghlaim iad plé, imscrúdú agus fiosrúchán ardchaighdeáin. Tá sé mar aidhm ag an churaclam a chinntiú go dtacaítear leis na gníomhaíochtaí seo le heolas agus tuiscint dhaingean seachas inneachar ábhar léinn a chur ina áit. Cuirfidh Prionsabail Oideolaíocha Thuaisceart Éireann bunús comhroinnte, atá bunaithe ar fhianaise, ar fáil fá choinne teagasc ábhar ar ábhar a thacóidh le cur i bhfeidhm éifeachtach an churaclaim nua sna seomraí ranga. Bainfear úsáid as an eolaíocht chognaíoch sna prionsabail le cuidiú le múinteoirí cuimhne, líofacht agus tuiscint a chothú.

**An bhfuil sé beartaithe na cumais a mhúineadh agus a mheasúnú ar leithligh?**

Níl. Tá sé beartaithe go dtiocfaidh na cumais chun cinn fríd theagasc agus foghlaim ardchaighdeáin ar fud an churaclaim.  Ní hionann scileanna bunúsacha agus cumais. Ní féidir iad a mhúineadh go díreach. Tagann siad chun cinn fríd fhoghlaim ar fud réimsí curaclaim agus fríd eolas agus scileanna a fháil agus a chur i bhfeidhm.

# Cuimsiú agus teidlíocht foghlaimeora

**Cén dóigh a dtacóidh an curaclam le foghlaimeoirí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais (RSO) acu?**

Cuideoidh treoir maidir le cur i bhfeidhm agus acmhainní tacaíochta le scoileanna a chinntiú go gcuirfidh cineálacha cur chuige teagaisc, oiriúnuithe agus socruithe tacaíochta ar chumas gach foghlaimeora rochtain a fháil ar an churaclam agus dul chun cinn a dhéanamh.

Cuirfear treoir bhreise ar fáil do scoileanna maidir le hoiriúnuithe a dhéanamh ar an churaclam i seomraí ranga príomhshrutha. D'fhéadfadh sé go mbeadh tacaíocht a thabhairt do dhaltaí nár fhoghlaim siad roimhe seo, a bhfuil riachtanais bhreise foghlama, céadfacha nó fisiciúla acu, nó atá ina ndaltaí nua a bhfuil tacaíocht bhreise de dhíth orthu le rochtain a fháil ar an churaclam.

**Cad é fá Scoileanna Speisialta?**

Ní bheidh an creat curaclaim nua reachtúil do scoileanna speisialta. Ina áit sin, feidhmeoidh sé mar threoir sholúbtha le heolas a thabhairt do phleanáil agus forbairt curaclaim ar fud na hearnála agus úsáidfear é le tacú le daltaí taobh istigh de scoileanna speisialta nuair is iomchuí. Mar sin féin, ní leor é seo le freastal ar riachtanais earnáil na scoileanna speisialta.

Tá an Roinn i ndiaidh an tOllamh Noel Purdy OBE a choimisiúnú le forbairt creatlaí curaclaim saincheaptha a threorú atá le húsáid go sonrach ag scoileanna speisialta. Tacóidh grúpa comhairleach cleachtóirí leis an Ollamh Purdy, a mhúnlóidh ábhar an churaclaim nua do scoileanna speisialta.

**Cad é fán Ghaeloideachas?**

Beidh an Creatchuraclam nua reachtúil do ghaelscoileanna. Mar sin féin, mhol an tAthbhreithniú Neamhspleách ar an Churaclam go mbeadh snáitheanna sonracha ag gaelscoileanna lena chinntiú go ndéantar freastal mar is ceart ar a riachtanais shaincheaptha teangeolaíocha, oideolaíocha agus tumoideachais.

Tá tús curtha ag an Roinn le hobair ar ghrúpaí oibre ábhair shonracha a bhunú leis na snáitheanna saincheaptha seo a fhorbairt agus a bhreithniú. Ina theannta sin, tá Coláiste Ollscoile Naomh Muire, Béal Feirste, coimisiúnaithe le creat litearthachta a fhorbairt go sonrach do ghaelscoileanna.

Cé go dtacóidh Creatlach Curaclaim do ghaelscoileanna le riachtanais oideolaíocha an tumoideachais, beidh na prionsabail churaclaim ar mhórán eolais mar bhonn faoi go fóill. Dá bhrí sin, tá na doiciméid treorach dá dtagraítear thuas go fóill oiriúnach lena n-úsáid i ngaelscoileanna, agus scoileanna in ann na ceisteanna ábhartha a bhreithniú agus a réiteach fríd lionsa saincheaptha na Gaeilge.

**An mbeifear ag súil go bhfoghlaimeoidh gach dalta an curaclam céanna?**

Cuireann an curaclam teideal coiteann ar fáil do gach foghlaimeoir agus léiríonn sé ionchais arda do gach duine. Leanfaidh múinteoirí breithiúnais ghairmiúil, oiriúnuithe cuí agus straitéisí tacaíochta a úsáid le cuidiú le foghlaimeoirí rochtain a fháil ar an churaclam agus dul chun cinn a dhéanamh.

**Cén dóigh a dtacóidh an curaclam le foghlaimeoirí faoi mhíbhuntáiste?**

Cuidíonn curaclam níos soiléire agus níos stuama lena chinntiú go mbíonn rochtain ag gach foghlaimeoir ar eolas tábhachtach, beag beann ar chúlra nó ar chúinsí.

Ceann de phríomhaidhmeanna na leasuithe is ea cothromas oideachais a neartú agus difríochtaí i dteideal an churaclaim a laghdú.

# Forbairt curaclaim

**Cén dóigh a ndearnadh cinntí fán ábhar a bhí san áireamh i gcreatlach ábhar aonair?**

Rinne Coiste Comhairleach Tascfhórsa (CCT) maoirseacht ar chlár leasaithe an churaclaim, ag soláthar dearbhaithe, dúshlán agus treo straitéiseach.

Bunaíodh Grúpaí Oibre Ábhair (GOAnna) le creatlacha reachtúla curaclaim a fhorbairt do gach ábhar.

**Cén dóigh a raibh múinteoirí páirteach i bhforbairt an churaclaim?**

Áiríodh leis na Grúpaí Oibre Ábhair (GOAanna) múinteoirí áitiúla ó Thuaisceart Éireann, acadóirí agus speisialtóirí ábhair a bhí freagrach as creatlacha reachtúla curaclaim a fhorbairt do gach ábhar.

Tugann an próiseas comhairliúcháin deis d'aiseolas breise a fháil ó mhúinteoirí maidir leis an ábhar atá beartaithe, an dul chun cinn agus an leibhéal dúshláin taobh istigh de gach ábhar.

**Cén bhaint atá ag na Creatlacha Litearthachta agus Uimhearthachta leis an churaclam nua?**

Tá na Creatlacha Litearthachta agus Uimhearthachta deartha le cur le Curaclam Thuaisceart Éireann 2028. Leagtar amach sa churaclam an t-eolas, na scileanna agus na taithí atá daltaí i dteideal a fhoghlaim, agus cuirfidh na Creatlacha Litearthachta agus Uimhearthachta soiléireacht níos fearr ar fáil maidir le forbairt na litearthachta agus na huimhearthachta ar fud an churaclaim.

Le chéile, tá sé mar aidhm acu tacú le dul chun cinn níos láidre, comhsheasmhacht a fheabhsú agus a chinntiú go bhforbraíonn gach foghlaimeoir bunús daingean sa litearthacht agus san uimhearthacht. Cuirfear treoir bhreise ar fáil le tacú le scoileanna tuiscint a fháil ar an dóigh a n-oibríonn na creatlacha, an curaclam agus na socruithe measúnaithe le chéile.

# Cur i bhFeidhm

**Cad é mar a chuirfear an curaclam nua i bhfeidhm i scoileanna?**

Déanfar an cur i bhfeidhm de réir a chéile agus tacófar leis thar am. Cuirfear treoir, deiseanna foghlama gairmiúla agus ábhair thacaíochta ar fáil do scoileanna le cuidiú leo ullmhú don churaclam nua agus é a chur i bhfeidhm. Cuirfear tuilleadh eolais fá shocruithe cur chun feidhme in iúl de réir mar a bheidh na pleananna críochnaithe i ndiaidh do na comhairliúcháin churaclaim teacht chun críche.

**Cad é a tharlaíonn má thosaíonn daltaí ag foghlaim faoin churaclam nua ag leibhéal na hiar-bhunscoile sula mbíonn taithí acu air sa bhunscoil?**

Cuirfear cohóirt idirthréimhseacha san áireamh i bpleanáil agus i socruithe cur i bhfeidhm an churaclaim. Tacófar le scoileanna lena chinntiú gur féidir le foghlaimeoirí dul chun cinn go rathúil, beag beann ar cibé an raibh taithí acu ar gach gné den churaclam leasaithe in eochairchéimeanna níos luaithe.

**An bhfaighidh múinteoirí forbairt ghairmiúil le tacú leis an chur i bhfeidhm?**

Gheobhaidh. Tá sé beartaithe go mbeidh foghlaim ghairmiúil ina gné lárnach den chlár cur chun feidhme agus díreofar inti ar ábhar an churaclaim, ar dhul chun cinn, ar eolas ábhair agus ar dhearadh an churaclaim.

# Curaclam agus ualach oibre

**An méadóidh na pleananna don churaclam nua ualach oibre na múinteoirí?**

Is é an aidhm ualach oibre neamhriachtanach a laghdú fríd ionchais churaclaim níos soiléire, creatlacha dul chun cinn agus acmhainní atá ailínithe leis an churaclam a thacaíonn le pleanáil agus cur i bhfeidhm a sholáthar.

**An gcuirfear acmhainní teagaisc nua ar fáil?**

Cuirfear. Táthar ag súil go mbeidh acmhainní atá ailínithe leis an churaclam, abhar eiseamláire agus foghlaim ghairmiúil ina gcuid thábhachtach den tacaíocht cur chun feidhme.

Leanfaidh scoileanna de chinneadh a dhéanamh fá na hacmhainní is fearr a thacaíonn le cur i bhfeidhm an churaclaim. Ní cheanglaítear ar scoileanna cláir nó scéimeanna tráchtála sonracha a ghlacadh faoin churaclam féin.

# Measúnú

**Cad é mar a dhéanfar measúnú ar fhoghlaim na ndaltaí faoin churaclam nua?**

Díríonn an comhairliúchán curaclaim ar ábhar an churaclaim agus ar theidlíocht. Tá socruithe measúnaithe á mbreithniú mar chuid d'athchóirithe níos leithne TransformED agus déanfar comhairliúchán fúthu ar leithligh.

**An ndéanfar measúnú níos minice leis an churaclam nua?**

Ní leagann an curaclam féin measúnú breise amach. Breithneofar cinntí fá shocruithe measúnaithe ar leithligh fríd athchóirithe measúnaithe níos leithne TransformED.

**An mbeidh ar mhúinteoirí na cumais a mheas?**

Ní bheidh orthu. Níl sé beartaithe go bhfeidhmeoidh na cumais mar chritéir mheasúnaithe, mar tháscairí feidhmíochta ná mar chatagóirí tuairiscithe. Tagann siad chun cinn as taithí curaclaim láidir.

# CCanna fán Ábhar

**Cad chuige nach bhfuil aon cheanglas ar dhaltaí nuatheanga a fhoghlaim ar bhunscoil?**

Cuirtear Feasacht Teanga agus Chultúrtha san áireamh mar ábhar curaclaim roghnach ag Eochairchéim 2 le creat a thabhairt do scoileanna le céadtaithí dhearfach ar fhoghlaim teanga a sholáthar do dhaltaí agus lena bhfeasacht ar chultúir éagsúla a leathnú.

D’fhéadfadh dúshláin a chruthú maidir le hualach oibre dá dtabharfaí isteach láithreach foghlaim teanga reachtúil; dá bhrí sin, beidh forbairt agus tacaíocht shuntasach ghairmiúil ag teastáil don chur i bhfeidhm.

**Cén dóigh a mbeidh baint ag curaclam Eochairchéim 3 le scrúduithe TGMO agus Ardleibhéil?**

Tá an curaclam á dhearadh mar chuid de thuras foghlaimeora ón bhunscoil go hoideachas iar-16. Is breithnithe tábhachtacha taobh istigh de TransformED iad conairí dul chun cinn agus ailíniú le forbairtí cáilíochta amach anseo.

**An bhfuil an curaclam nua ag laghdú deiseanna do leanaí staidéar a dhéanamh ar ábhair chruthaitheacha ar nós ealaíne, ceoil agus drámaíochta?**

Tugann an curaclam nua béim níos mó ar ealaín, ceol agus drámaíocht agus, den chéad uair, leagann sé amach eolas soiléir, scileanna agus taithí ba chóir do gach dalta a fhoghlaim le linn a gcuid oideachais.

Aithnítear cruthaitheacht agus samhlaíocht mar chumais fosta atá sé mar aidhm leis an churaclam a fhorbairt i ngach duine óg. Tá ról tábhachtach ag na healaíona leis seo a bhaint amach.

**An bhfaighidh gach dalta oideachas fá chaidrimh shláintiúla agus fá thoiliú?**

Gheobhaidh. Faoin churaclam atá beartaithe, bheadh ábhair ar nós caidrimh shláintiúla, toiliú, aitheantas mí-úsáide, agus an dóigh le cuidiú a lorg mar chuid den teideal reachtúil do gach dalta.

Leanfaidh scoileanna le cinntí a dhéanamh maidir le cad é mar is fearr daltaí a mhúineadh. Leagann an curaclam amach cad é ba chóir a fhoghlaim, agus socraíonn scoileanna an cur chuige agus na hacmhainní is oiriúnaí.

**An bhfoghlaimeoidh daltaí fá na rioscaí a bhaineann le meáin shóisialta, ábhar ar líne agus Intleacht Shaorga (IS)?**

Foghlaimeoidh. Fríd PSSG agus Teicneolaíocht Dhigiteach, foghlaimeoidh daltaí fá rannpháirtíocht ar líne, timpeallachtaí digiteacha, na rioscaí agus na deiseanna a bhaineann le teicneolaíocht, agus ábhar a ghintear le hintleacht shaorga.

Neartaíonn an curaclam tuiscint na ndaltaí ar an dóigh a gcruthaítear, a roinntear agus a úsáidtear faisnéis ar líne, agus cuidíonn sé leo scileanna breithiúnais agus smaointeoireachta criticiúla a fhorbairt ag an am chéanna.

**An laghdaíonn an curaclam nua an fócas ar stair Thuaisceart Éireann?**

Ní laghdaíonn. Cuireann an curaclam atá beartaithe béim i bhfad níos mó ar stair Thuaisceart Éireann ná mar atá sa churaclam reatha, le hábhar níos mionsonraithe agus níos soiléire fríd thréimhsí agus téamaí éagsúla.

Áirítear leis an churaclam teagasc fá bhunús agus cúrsa na dTrioblóidí, na próisis síochána agus oidhreacht na coimhlinte mar chuid de staidéar níos leithne ar stair Thuaisceart Éireann.

Múintear stair Thuaisceart Éireann mar chuid de staidéar níos leithne ar stair na Breataine, na hÉireann agus Thuaisceart Éireann, rud a chuidíonn le daltaí naisc idir forbairtí áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta a thuiscint.

**An bhfuil an Roinn ag cur teorainn le scoileanna le nuatheanga amháin a mhúineadh ag Eochairchéim 3?**

Mar atá fá láthair, leanann an curaclam reachtúil nua atá beartaithe de bheith ag ceangal ar scoileanna rochtain a sholáthar ar nuatheanga amháin ar a laghad, agus tá scoileanna go fóill saor le teangacha breise a thairiscint más mian leo déanamh amhlaidh.

Dearadh an creat timpeall ar an phrionsabal go bhforbraítear inniúlacht teanga fríd fhoghlaim leanúnach agus carnach. Éilíonn foghlaim teanga go bhfoghlaimítear stór focal, gramadach agus fónaic de réir a chéile le himeacht ama, agus go mbíonn deiseanna arís agus arís eile ann le teagmháil leis an eolas sin é a úsáid.

Tá sé mar aidhm ag an chreat atá beartaithe teideal níos soiléire a sholáthar ná mar atá sa churaclam reatha fríd shonrú a dhéanamh ar an eolas, an stór focal agus an ghramadach ba chóir do dhaltaí a fhoghlaim.

Ba chóir go mbeadh an deis ag gach dalta bunús daingean a fhorbairt i dteanga amháin ar a laghad fá dheireadh Eochairchéim 3.

**Cad é cuspóir na liostaí focal i gcuraclam na Nuatheangacha?**

Aithníonn na liostaí focal croílár stór focal ardmhinicíochta atá daltaí i dteideal a fhoghlaim ag Eochairchéim 3. Is é an cuspóir atá leo soiléireacht níos fearr a sholáthar, dul chun cinn a chothú agus a chinntiú go bhforbraíonn daltaí ar fud Thuaisceart Éireann bunús choiteann eolais teanga.

Tá na liostaí focal bunaithe ar thaighde ar fhoghlaim teanga, ar mhinicíocht stór focal agus ar inniúlacht. Tugann fianaise le fios go bhfuil ról tábhachtach ag nochtadh d’fhocail agus do phatrúin teanga ardmhinicíochta ar bhonn rialta i bhforbairt inniúlachta léitheoireachta, éisteachta, labhartha agus scríbhneoireachta. Is dóichí go bhfoghlaimeoidh agus go gcoimeádfaidh foghlaimeoirí teanga a gcasann siad léi go rialta agus i seicheamh struchtúrtha.

Níl sé i gceist leis na liostaí teorainn a chur ar scoileanna ná ar mhúinteoirí. Tá scoileanna go fóill saor stór focal, téacsanna, topaicí agus ábhar cultúrtha breise a mhúineadh. Ina áit sin, cuireann na liostaí teideal comhroinnte agus bunús soiléir ar fáil ar féidir le scoileanna eispéiris foghlama teanga níos leithne agus níos doimhne a thógáil air.